AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 30.11.2011
COIM(2011) 810 leagan deireanach

2011/0399 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht in "Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)", agus na rialacha maidir leis na torthaí a leathadh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2011) 1427-Imleabhar 2}
{SEC(2011) 1428-Imleabhar 2}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tacaíonn na tograí a bhaineann le "Fís 2020" go hiomlán leis an straitéis "Eoraip 2020", straitéis a d'aithin go raibh taighde agus nuálaíocht ina ngnéithe lárnacha chun cuspóirí an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh a bhaint amach. I measc na dtograí seo tá tograí maidir le Creatchlár "Fís 2020", tacar amháin rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, clár sonrach amháin chun "Fís 2020" a chur chun feidhme, mar aon le togra ar leith maidir leis na codanna de "Fís 2020" a fhreagraíonn do chodanna de Chonradh Euratom.

Go bunúsach, ceapadh "Fís 2020" agus na rialacha seo chun tacú le Tionscnamh Suaitheanta de chuid Eoraip 2020 "Aontas na Nuálaíochta"[1], agus is é an bunphrionsabal atá acu cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i ndáil le taighde agus nuálaíocht. Ceapadh na hionstraimí beartais agus na bearta ar fad chun cuidiú le taighde agus nuálaíocht agus chun breis forbartha a dhéanamh ar an Limistéar Eorpach Taighde, áit a mbíonn eolas, taighdeoirí agus teicneolaíocht i saorchúrsaíocht, agus chun tráchtálaíocht agus leathadh nuálaíochta sa Mhargadh Aonair a luathú.

Tá dhá aidhm leis na rialacha a tarraingíodh suas:

– Creat rialála aonair atá solúbtha a dhóthain a áirithiú, ar creat é a éascóidh rannpháirtíocht, a chruthóidh tacar níos comhleanúnaí ionstraimí a chumhdóidh taighde agus nuálaíocht, agus a mhéadóidh an tionchar eolaíoch agus eacnamaíoch agus dúbailt agus ilroinnt a sheachaint ag an am céanna.

– Na téarmaí agus na nósanna imeachta a shimpliú ó thaobh na rannpháirtithe de chun an cur chun feidhme is éifeachtaí a áirithiú, ag cur san áireamh an gá atá ag na rannpháirtithe ar fad le rochtain éasca.

Tugadh na gnéithe nua seo a leanas isteach sna rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh chun na prionsabail thuasluaite a chur i bhfeidhm agus chun go mbeadh na rialacha ag luí le tréithe agus le cuspóirí an chreatchlár nua:

– Beidh feidhm ag na rialacha maidir le gnéithe ar fad "Fís 2020", lena n-áirítear tionscnaimh faoi Airteagal 185 agus Airteagal 187 den CFEA, gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chláir um Iomaíochas agus Nuálaíocht agus faoi ghníomhaíochtaí na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht faoi láthair. áiritheofar an tsolúbthacht is gá a bheidh ag teacht leis na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta leis na maoluithe iomchuí agus trí shonraí sonracha rannpháirtíochta a leagan amach sna cláir oibre.

– Tá na rialacha maidir le rannpháirtíocht a bhaineann le cistiú an Aontais bunaithe ar Rialachán athbhreithnithe Pharlaimint na hEorpa agus na

[1] COIM (2010) 546 críochnaitheach, 6.10.2010.

Comhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais[2]. Tá cuíchóiriú agus méadú ar éifeachtúlacht curtha i bhfeidhm ag an Rialachán sin ar an mbealach inar féidir beartais an Aontais a chur chun feidhme.

– Rinneadh na forálacha airgeadais a bhaineann le cistiú an Aontais i bhfoirm deontas a shoiléiriú agus a éascú. Dá bhri sin, tá ráta amháin cistiúcháin á bhunú anois acu a bheidh ag brath ar cén cineál gníomhaíochta a chisteofar faoi "Fís 2020" gan éagsúlú a dhéanamh i measc rannpháirtithe. Moltar freisin úsáid níos fearr a bhaint as cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus scála na gcostas aonaid.

– Maidir le costais dhíreacha, foráiltear sna rialacha go nglacfar go forleathan le gnáthchleachtais chuntasaíochta tairbhithe deontais, faoi réir íosmhéide coinníollacha teorann. Áireofar sa chomhaontú deontais breis forálacha simplithe a cheadóidh do na tairbhithe deimhneacht dhlíthiúil a bhunú maidir le hincháilitheacht na gcostas a ghearrtar ar ghníomhaíochtaí faoi "Fís 2020". Áireofar ar na forálacha simpliúcháin sin, sainmhíniú soiléir ar na ceanglais i ndáil le taifeadadh ama agus tagairtí oibiachtúla maidir leis na huaireanta táirgiúla bliantúla.

– Maidir le costais indíreacha, déanfar an ríomh a shimpliú go mór; déanann an aisíocaíocht foráil maidir le ráta comhréidh bunaithe ar chostais incháilithe dhíreacha iomlána agus an fhéidearthacht na costais iarbhír a tabhaíodh a dhearbhú, ach an fhéidearthacht sin a bheith teoranta d'eintitis dhlíthiúla neamhbhrabúsacha.

– Rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le foirmeacha nua cistiúcháin a cheadaíonn breis solúbthachta, amhail an cistiú a bhaineann le duaiseanna atá le dámhachtain as spriocanna réamhshonraithe a bhaint amach, nó an cistiú a bhaineann le soláthar poiblí réamhthráchtála agus soláthar réiteach nuálaíoch mar aon leis an gcistiú a bhaineann le hionstraimí airgeadais.

– I bhfianaise na héifeachtúlachta a léirigh sé mar shásra cosanta, déanfar an Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe a bunaíodh faoin Seachtú Creatchlár a athnuachan fad is a mhairfidh "Fís 2020" le rialacha níos soiléire agus leis an bhféidearthacht é a shíneadh chun na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi Chreatchlár EURATOM a chumhdach.

– Bunaíodh na rialacha maidir le maoin intleachtúil, le saothrú agus le leathadh ar fhorálacha an tSeachtú Creatchlár a aithníodh go forleathan agus rinneadh breis feabhsuithe agus soiléirithe orthu. Cuireadh béim shonrach as an nua ar rochtain oscailte a bheith ar fhoilseacháin taighde agus cuireadh deis ar fáil chun triail a bhaint as rochtain oscailte a sholáthar ar thorthaí eile. Cuireadh san áireamh an raon feidhme méadaithe agus na cineálacha nua cistiúcháin mar aon leis an ngá le solúbthacht sa réimse seo de na rialacha leis an bhféidearthacht breis forálacha nó forálacha sonracha a leagan síos nuair is iomchuí. Rinneadh

[2] IO L , , lch.

forāil maidir le cearta rochtana don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit, i réimse na slándála freisin.

Ina theannta sin, déanfar rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil arna mbunú i dtríú tíortha agus rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta i ngníomhaíochtaí faoi "Fís 2020" a chuíchóiriú agus a spreagadh, i gcomhréir le cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta atá leagtha amach sa Chonradh, bunaithe ar shochair fhrithpháirteacha agus ag cur san áireamh na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis an Aontais Eorpaigh i gcláir tríú tíortha.

Laistigh den chreat soiléir cobhsaí, beidh breis solúbthachta ann do rannpháirtithe chun na socruithe inmheánacha is iomchuí a chinneadh chun a ngníomhaíochtaí a chur chun feidhme. Ba cheart go ndéanfaí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara taighde ar fad, lena n-áirítear aonaid bheaga taighde, go háirithe FBManna, a spreagadh agus a éascú dá bhrí sin.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Agus an togra á ullmhú, cuireadh san áireamh ina n-iomláine na freagairtí a bhí ar chomhairliúchán poiblí cuimsitheach bunaithe ar an bPáipéar Uaine, "Ó dhúshláin go deiseanna: i dtreo comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin an AE do Thaighde agus Núalaíocht", COIM(2011)48. Chuir an Chomhairle Eorpach, na Ballstáit agus réimse leathan páirtithe leasmhara ón tionscal, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta a gcuid tuairimí in iúl.

Aithníodh na constaicí seo a leanas le linn an chomhairliúcháin a rinneadh:

– Ar an gceann is tábhachtaí ó thaobh an rannpháirtí de, a chasta is atá na nósanna imeachta riaracháin mar aon leis an ualach riaracháin.

– Tá tromualach ag baint le tacair éagsúla rialacha a chur i bhfeidhm ó chlár go chéile de chláir taighde agus nuálaíochta an Aontais do rannpháirtithe, agus d'iarr siad breis comhleanúnachais sna hionstraimí i dtaca le rialacha dó.

– Is í an tsaincheist dheiridh an riachtanas cóimheá riosca/iontaoibhe a thabhairt isteach. Faoi láthair, tá an chosúlacht air go bhfuil an iomarca nósanna imeachta, go háirithe cinn a bhaineann le rialuithe airgeadais, a bhfuil a ndearadh dírithe go heisiach ar riosca an-íseal earráidí a áirithiú, ach a bhfuil sásraí rialaithe iomarcacha agus ródhochta mar thoradh orthu, ar feadh a bhfeictear.

Rinneadh athbhreithniú ar na bunphrionsabail a bunaíodh leis na rialacha sin trí mheasúnú tionchair foirmiúil

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 1.1. Bunús dlí

Comhtháthaítear sa phacáiste reachtach "Fís 2020", gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta ar bhealach rianúil d'fhonn na cuspóirí beartais a bhaint amach.

Beidh na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh bunaithe ar na Teidil sa CFAE "Taighde" agus "Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás" (Airteagal 173, Airteagal 183 agus Airteagal 188).

### 1.2. Prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta

Ceapadh an pacáiste "Fís 2020" chun breisluach agus tionchar an AE a uasmhéadú, ag díriú ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go héifeachtúil ag gníomhú dóibh féin. Tá na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh dírithe ar chur chun feidhme an togra "Fís 2020" a éascú, agus dá bhrí sin beidh feidhm ag an anailís choimhdeach atá ann ar na rialacha.

Déantar prionsabal na comhréireachta a shásamh sa mhéid is go n-áiritheoidh an simpliúchán agus an cuíchóiriú atá beartaithe nach ndéanfar ach an ghníomhaíocht AE is lú is gá chun na cuspóirí maidir le cur chun feidhme "Fís 2020" a bhaint amach.

2011/0399 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht in "Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)", agus na rialacha maidir leis na torthaí a leathadh**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE"), agus go háirithe Airteagal 173 agus Airteagal 183, agus dara mír Airteagal 188 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Glacadh "Fís 2020 – an Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020)" (Fís 2020) le Rialachán [X] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [X] lena mbunaítear "Fís 2020 – An Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht"[3]. Ní foláir an Rialachán seo a chomhlánú le rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh.

(2) Ba cheart Fís 2020 a chur chun feidhme d'fhonn rannchuidiú go díreach le ceannaireacht thionsclaíoch agus fás agus fostaíocht a chruthú san Eoraip, agus ba cheart go léireofaí ann fís straitéiseach na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2010 chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún "Tionscnamh Suaitheanta de chuid Eoraip 2020 Aontas na Nuálaíochta"[4] ina ngeallann an Coimisiún rochtain na rannpháirtithe a shimpliú go mór.

(3) Ba cheart d'Fhís 2020 tacú le Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú, ar limistéar é ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíochta agus teicneolaíocht i saorchúrsaíocht, trí chomhar a neartú idir an tAontas agus na Ballstáit, go háirithe trí thacar de rialacha comhleanúnacha a chur i bhfeidhm.

(4) Ba cheart a léiriú ar bhealach leordhóthanach sna rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh moltaí Pharlaimint na hEorpa, a ndéantar achoimre orthu sa "Tuarascáil maidir le cur chun feidhme na gcreatchlár taighde a shimpliú"[5], agus moltaí na Comhairle maidir le ceanglais riaracháin agus airgeadais na gcreatchlár taighde a shimpliú. Ba cheart do na rialacha leanúint leis na bearta simpliúcháin a cuireadh chun feidhme cheana féin faoi Threoir Uimh. 1982/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Seachtú Creatchlár an Chomhphobail Eorpaigh le haghaidh taighde, forbartha, teicneolaíochta agus gníomhaíochtaí taispeántais (2007-2013)[6] agus dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ualach riaracháin do rannpháirtithe agus castacht na bhforálacha airgeadais a laghdú d'fhonn líon na n-earráidí airgeadais a laghdú. Ba cheart a chur san áireamh sna rialacha freisin ábhair imní agus moltaí ón bpobal taighde atá mar thoradh ar an díospóireacht a tionscnaíodh leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2010 chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún "Cur chun feidhme na gcreatchlár taighde a shimpliú",[7] agus an Páipéar Uaine a tháinig ina dhiaidh sin an 9 Feabhra 2011 "Ó dhúshláin go

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 IO C , , lch. .
4 COIM (2010) 546 críochnaitheach, 6.10.2010.
5 Tuarascáil an Choiste Um Tionscal, Taighde agus Fuinneamh an 6 Deireadh Fómhair 2010, rapporteur: Maria da Graça Carvalho, P7 TA(2010)0401.
6 IO L 412, 30.12.2006, lch.1.
7 COIM(2010) 187.

deiseanna: I dtreo comhchreata straitéisigh le haghaidh cistiúcháin an AE do thaighde agus nuálaíocht[8]".

(5) Chun comhleanúnachas a áirithiú le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais, ba cheart Fís 2020 a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XX/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais[9] agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Uimh. X/X an [...] lena leasaítear na rialacha mionsonraithe maidir leis an Rialachán Airgeadais a chur chun feidhme[10].

(6) Ba cheart cur chuige comhtháite a áirithiú tríd na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Seachtú Creatchlár le haghaidh taighde, an Creatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht chun go mbeidh sé níos éasca bheith rannpháirteach, chun tacar níos comhleanúnaí uirlisí a chruthú agus chun an tionchar eolaíoch agus eacnamaíoch a mhéadú agus dúbailt agus ilroinnt a sheachaint ag an am céanna. Ba cheart feidhm a bheith ag comhrialacha chun creat comhleanúnach a áirithiú a éascódh rannpháirtíocht i gcláir a fhaigheann ranníocaíocht airgeadais ón Aontas ó bhuiséad Fhís 2020, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir arna bainistiú ag Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, comhghnóthais nó aon struchtúr eile faoi Airteagal 187 den CFAE nó rannpháirtíocht i gcláir a dhéanann na Ballstáit de bhun Airteagal 185 den CFAE. Ba cheart, áfach, solúbthacht a áirithiú i ndáil le rialacha sonracha a ghlacadh nuair atá bonn cuí leo de bharr riachtanas sonrach na ngníomhaíochtaí éagsúla agus le toilleadh an Choimisiúin.

(7) Ba cheart do ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo na cearta bunúsacha a urramú agus cloí leis na prionsabail atá luaite i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go háirithe. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a bheith i gcomhréir le haon oibleagáid dhlithiúil agus le prionsabail eiticiúla, lena n-áirítear aon chineál bradaíola a sheachaint.

(8) I gcomhréir le cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta atá leagtha amach in Airteagal 180 agus Airteagal 186 den CFEA, ba cheart rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil atá bunaithe i dtríú tíortha agus rannpháirtíocht eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn. Ba cheart na rialacha sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis na bearta a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 75 agus Airteagal 215 den CFAE agus i gcomhréir le dlí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart a chur san áireamh i gcur chun feidhme na rialacha sin, coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis an Aontais i gclár tríú tíortha.

(9) Sna rialacha sin maidir le rannpháirtíocht agus leathadh, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le creat cuimsitheach agus trédhearcach chun cur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtúla is féidir a áirithiú, ag cur san áireamh an gá atá ag na rannpháirtithe ar fad, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, le rochtain éasca trí nósanna imeachta simplithe. D'fhéadfaí an cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar i bhfoirmeacha éagsúla.

---

8 COIM(2011) 48.
9 IO L , , lch.
10 IO L , , lch.

(10) Ba cheart láimhseáil sonraí rúnda agus faisnéis rúnaicmithe a rialú leis an reachtaíocht Aontais ar fad is ábhartha, lena n-áirítear rialacha inmheánacha na nInstitiúidí, amhail Treoir 2001/844/CE CEGC, Euratom ón gCoimisiún an 29 Samhain 2001 lena n-áirítear a rialacha nós imeachta inmheánacha[11], ina leagtar síos na forálacha maidir le slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh.

(11) Is gá na coinníollacha íosta le haghaidh rannpháirtíochta a bhunú, mar riail ghinearálta agus maidir le sonraíochtaí na ngníomhaíochtaí faoi Fhís 2020. Go háirithe, ba cheart rialacha a leagan síos maidir leis an líon rannpháirtithe agus an áit ina bhfuil siad bunaithe. I gcás gníomhaíochta gan rannpháirtíocht eintitis atá bunaithe i mBallstát, ba cheart dul i mbun na gcuspóirí atá leagtha amach in Airteagal 173 agus in Airteagal 179 den CFAE a bhaint amach.

(12) Is iomchuí téarmaí agus coinníollacha a bhunú maidir le cistiú an Aontais a sholáthar do rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoi Fhís 2020. Chun castacht na rialaithe cistiúcháin atá ann cheana a laghdú agus chun go mbeadh solúbthacht níos mó ann i ndáil le cur chun feidhme an tionscadail, ba cheart córas simplithe um aisíocaíocht costais a ghlacadh ina n-úsáidfí cnapshuimeanna, rátaí comhréidh agus scála na gcostas aonaid ar bhealach ní b'fhearr. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart ráta aonair aisíocaíochta a chur i bhfeidhm do gach cineál gníomhaíochta gan aon éagsúlú de réir an chineáil rannpháirtí.

(13) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha i réimse an taighde agus na nuálaíochta trí bhíthin cineálacha nua cistiúcháin amhail duaiseanna, soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch a bhfuil rialacha sonracha ag teastáil ina leith.

(14) Chun cothrom iomaíochta a choimeád do gach gnóthas atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, ba cheart cistiú a sholáthraítear trí Fhís 2020 a bheith i gcomhréir le rialacha Státchabhrach chun éifeachtacht caiteachais phoiblí a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh a chosc amhail cistiú príobháideach a bhrú amach, struchtúir neamhéifeachtacha margaidh a chruthú agus gnólachtaí neamhéifeachtúla a chaomhnú.

(15) Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint le bearta comhréireacha le linn an timthrialla caiteachais.

(16) Sásra tábhachtach cosanta atá sa Chiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe arna bhunú faoi Rialachán Uimh. 1906/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht gnóthas, ionad taighde agus ollscoileanna i ngníomhaíochtaí faoin Seachtú Creatchlár agus maidir le leathadh torthaí taighde (2007-2013)[12] agus arna bhainistiú ag an gCoimisiún, agus maolaíonn sé ar na rioscaí a bhaineann leis na méideanna atá dlite agus nár aisíoc rannpháirtithe mainneachtana. Dá bhrí sin, ba cheart Ciste nua um Ráthaíocht Rannpháirtithe (an Ciste) a bhunú. Chun bainistiú níos éifeachtúla agus chun cumhdach níos fearr ar riosca na rannpháirtithe a áirithiú, ba cheart don Chiste gníomhaíochtaí a chumhdach faoin gclár a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE, faoin gclár a bunaíodh le Cinneadh na Comhairle an 18 Nollaig

[11] IO L 317, 3.12.2001, arna leasú le Cinneadh 2006/548/CE, Euratom (IO L 215, 5.8.2006).
[12] IO L 391, 30.12.2006, lch. 1.

2006 maidir le Seachtú Creatchlár an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) maidir le taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna (2007 go 2011)[13], faoin gclár a bunaíodh le Cinneadh na Comhairle [...] an X 2011 lena mbunaítear Creatchlár an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2012-2013) agus gníomhaíochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020] agus Rialachán (Euratom) Uimh. XX/XX ón gComhairle maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (2014-2018) a chomhlánaíonn Fís 2020, an Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht [Euratom "Fís 2020"][14]. Níor cheart cláir arna mbainistiú ag eintitis seachas comhlachtaí an Aontais a chumhdach leis an gCiste.

(17) Chun trédhearcacht a fheabhsú, ba cheart ainmneacha na saineolaithe a chuidigh leis an gCoimisiún nó le comhlachtaí cistiúcháin ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fhoilsiú. I gcás ina mbeadh baol ann do shlándáil nó do shláine an tsaineolaí nó ina ndéanfaí dochar dá phríobháideacht, níor cheart don Choimisiún ná do na comhlachtaí cistiúcháin na hainmneacha sin a fhoilsiú.

(18) Ba cheart sonraí pearsanta a bhaineann leis na saineolaithe a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na hinstitiúidí agus ag na comhlachtaí Comhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí dá leithéidí[15].

(19) Ba cheart rialacha maidir le saothrú agus leathadh torthaí a leagan síos chun a áirithiú go ndéanann na rannpháirtithe na torthaí sin a chosaint, a shaothrú agus a leathadh de réir mar is iomchuí, go háirithe an fhéidearthacht maidir le breis coinníollacha saothraithe chun leasa straitéisigh na hEorpa.

(20) Ar chúiseanna deimhneachta agus soiléireachta dlíthiúla ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Teideal I
# FORÁLACHA TOSAIGH

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha sonracha maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí indíreacha a dhéantar faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Fís 2020], lena n-áirítear rannpháirtíocht

13 IO L 54, 22.2.2007, lch. 21.
14 OI L...
15 IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

i ngníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú ag comhlachtaí cistiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 9(2) den Rialachán sin.

Leagtar síos sa Rialachán seo freisin na rialacha maidir le torthaí a leathadh.

2. Faoi réir na rialacha sonraithe atá leagtha síos sa Rialachán seo, beidh feidhm ag rialacha ábhartha an Rialacháin (AE) Uimh. XX/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Airgeadais] agus Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 ón gCoimisiún [an Rialachán Tarmligthe].

3. Féadfaidh comhlacht cistiúcháin rialacha a bhunú nach ionann iad agus na rialacha atá leagtha síos sa Rialachán seo nó i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] má dhéantar foráil dó sin sa ghníomh bunaidh nó, faoi réir thoilleadh an Choimisiúin, má éilíonn a riachtanais shonracha oibriúcháin a leithéid.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le gníomhaíochtaí díreacha arna ndéanamh ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

5. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn '*cearta rochtana*' cearta chun torthaí nó réamheolas a úsáid faoi na téarmaí agus na coinníollacha arna leagan síos i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(2) ciallaíonn '*eintiteas cleamhnaithe*' aon eintiteas dlíthiúil atá faoi rialú díreach nó indíreach rannpháirtí, nó faoin rialú díreach nó indíreach céanna leis an rannpháirtí, nó a rialaíonn rannpháirtí go díreach nó go hindíreach;

(3) ciallaíonn '*tír ghaolmhar*' tríú tír ar páirtí í sa chomhaontú idirnáisiúnta leis an Aontas, mar atá sainaitheanta in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020];

(4) ciallaíonn '*réamheolas*' aon sonraí, saineolas agus/nó faiséis, is cuma cén cineál iad, mar aon le haon chearta amhail cearta maoine intleachtúla (i) atá i seilbh rannpháirtithe roimh dóibh aontú don ghníomhaíocht agus (ii) a shainaithníonn na rannpháirtithe i gcomhréir le hAirteagal 42;

(5) ciallaíonn '*gníomh bunaidh*' gníomh dlíthiúil arna ghlacadh ag institiúidí an Aontais i bhfoirm rialacháin, treorach nó cinnidh laistigh de bhrí Airteagal 288 den CFAE a sholáthraíonn bonn dlíthiúil don ghníomhaíocht;

(6) ciallaíonn *'gníomhaíocht comhordaithe agus tacaíochta'* gníomhaíocht ina bhfuil bearta tionlacain amhail leathadh, ardú feasachta agus cumarsáid, líonrú, seirbhísí comhordaithe nó tacaíochta, idirphléití beartais agus freachnaimh agus staidéir foghlama fhrithpháirteacha, lena n-áirítear staidéir deartha le haghaidh bonneagair nua;

(7) ciallaíonn '*leathadh*' nochtadh poiblí na dtorthaí trí mheán iomchuí ar bith (seachas nochtadh mar thoradh ar na torthaí a chosaint nó a shaothrú), lena n-áirítear trí na torthaí a fhoilsiú i meán ar bith;

(8) ciallaíonn '*comhlacht cistiúcháin*' comhlacht nó údarás, seachas an Coimisiún, a chuireann an Coimisiún de chúram orthu cúraimí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020];

(9) ciallaíonn '*eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach'* eagraíocht idirnáisiúnta, ar Ballstáit nó tíortha gaolmhara tromlach a ball, agus a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici comhar eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn san Eoraip;

(10) ciallaíonn '*eintiteas dlíthiúil'* gnóthais, ionaid taighde agus ollscoileanna a áiríonn aon duine nádúrtha, nó aon duine dlithiúil arna chruthú faoin dlí náisiúnta, faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ar a cheann féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí;

(11) ciallaíonn '*rannpháirtí*' aon eintiteas dlíthiúil a dhéanann gníomhaíocht nó cuid de ghníomhaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020] a bhfuil cearta agus oibleagáidí aige i ndáil leis an Aontas nó le comhlacht cistiúcháin eile faoi théarmaí an Rialacháin seo;

(12) ciallaíonn *'gníomhaíocht chun clár a chomhchistiú'* gníomhaíocht arna cistiú trí dheontas a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige glaonna nó cláir aonair arna gcistiú ag eintitis, seachas comhlachtaí Aontais, a bhainistíonn cláir taighde agus nuálaíochta a fhorlíonadh.

(13) ciallaíonn '*soláthar réamhthráchtála'* soláthar seirbhísí taighde agus forbartha a mbaineann roinnt riosca-sochair faoi dhálaí margaidh leo, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, i gcás ina bhfuil céim an taighde agus na forbartha á scaradh ó úsáid líonta tráchtála táirgí deiridh;

(14) ciallaíonn '*soláthar poiblí réiteach nuálaíoch*' soláthar i gcás ina bhfeidhmíonn údaráis chonarthacha mar chustaiméir seolta le haghaidh earraí nó seirbhísí nuálaíocha nach bhfuil ar fáil fós ar bhonn tráchtála ar mhórscála, agus féadfar tástáil chomhlíontachta a áireamh leis sin;

(15) ciallaíonn '*torthaí*' aon sonraí, eolas agus faisnéis, is cuma cén cineál iad agus is cuma an féidir iad a chosaint nó nach féidir, a ghintear sa ghníomhaíocht mar aon le haon cearta atá ag gabháil leo, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

(16) ciallaíonn '*clár oibre*' an doiciméad a ghlacann an Coimisiún chun an clár sonrach a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chinneadh Uimh. XX/XX/AE ón gComhairle [Clár sonrach "Fís 2020"];

(17) Ciallaíonn '*plean oibre*' an doiciméad atá cosúil le clár oibre an Choimisiún arna ghlacadh ag comhlachtaí cistiúcháin chuirtear de chúram orthu Fís 2020 a chur chun feidhme i bpáirt i gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020].

6. Chun críocha phointe (2) de mhír 1, is féidir an rialú bheith de réir aon cheann de na cineálacha rialaithe atá leagtha amach in Airteagal 7.

7. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme comhshamhlaithe le heintiteas dlíthiúil ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais].

8. Chun críocha an Rialacháin seo, ní mheasfar gur comhlachtaí cistiúcháin iad faighteoirí deontais.

9. Chun críocha phointe (12) de mhír 1, féadfar a áireamh sna gníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí comhlántachta amhail líonrú agus comhordú idir cláir i dtíortha éagsúla;

*Airteagal 3*

**Rúndacht**

Faoi réir na gcoinníollacha arna mbunú sna comhaontuithe, cinntí nó conarthaí cur chun feidhme, aon sonraí, eolas nó faisnéis a luaitear a bheith rúnda i gcomhthéacs gníomhaíochta, coinneofar rúnda é, ag cur san áireamh aon rialacha maidir le cosaint na faisnéise rúnaicmithe.

*Airteagal 4*

**Faisnéis atá le cur ar fáil**

1. Gan dochar d'Airteagal 3, cuirfidh an Coimisiún ar fáil d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus d'aon Bhallstát nó tír ghaolmhar, nuair a iarrfar amhlaidh, aon fhaisnéis úsáideach atá ina sheilbh aige maidir le torthaí rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) go bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann ábhartha maidir le beartas poiblí;

   (b) nár sholáthar na rannpháirtithe cúiseanna fónta leordhóthanacha chun an fhaisnéis lena mbaineann a choinneáil siar.

   I gcás gníomhaíochtaí faoin ngníomhaíocht 'Sochaithe slána' laistigh den chuspóir sonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána', féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis úsáideach atá ina sheilbh aige a chur ar fáil d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais nó d'údaráis náisiúnta na mBallstát maidir le torthaí rannpháirtí a fuair cistiú ón Aontas.

2. Ní mheasfar go n-aistreofar aon chearta nó oibleagáidí de chuid an Choimisiúin ná na rannpháirtithe chuig an bhfaighteoirí leis an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil de bhun mhír 1. Mar sin féin, láimhseálfaidh an faighteoir an fhaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda ach amháin má phoiblítear é nó má chuireann na rannpháirtithe ar fáil go poiblí é, nó má cuireadh in iúl don Choimisiún é gan srianta maidir le rúndacht. Beidh feidhm ag rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil i ndáil le faisnéis rúnaicmithe.

# Teideal II
# RIALACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT

## Caibidil I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 5*

**Cineálacha cistiúcháin**

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) XX/2012 [Fís 2020], féadfaidh cineál amháin cistiúcháin nó níos mó dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] a bheith ann, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar ionstraimí airgeadais.

*Airteagal 6*

**Eintitis dhlíthiúla is féidir a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí**

1. Féadfaidh aon eintiteas dlíthiúil, beag beann ar áit a bhunaithe, agus aon eagraíocht idirnáisiúnta bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos sa Rialachán seo mar aon le haon choinníollacha a leagtar síos sa chlár oibre nó sa phlean oibre ábhartha.

2. Féadfaidh an clár oibre ábhartha rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil i bhFís 2020, nó codanna de, a shrianadh más eintitis dhlíthiúla iad atá bunaithe i dtríú tíortha ina meastar gur chun dochar leasanna an Aontais atá rannpháirtíocht eintiteas dlíthiúil ó na Ballstáit i gcláir taighde agus nuálaíochta an tríú tír.

3. Féadfaidh an clár oibre nó an plean oibre ábhartha eintitis nach bhfuil in ann ráthaíochtaí sásúla slándála a sholáthar, lena n-áirítear ráthaíochtaí maidir le himréiteach slándála, a eisiamh má tá bonn leis ar chúiseanna slándála.

4. Féadfaidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna le heintiteas dlíthiúil atá bunaithe i mBallstát.

*Airteagal 7*

**Neamhspleáchas**

1. Measfar go bhfuil dhá eintiteas dhlíthiúla neamhspleách ar a chéile i gcás nach bhfuil ceachtar acu faoi rialú díreach nó indíreach an eintitis eile nó faoin rialú díreach nó indíreach céanna leis an eintiteas eile.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh ceachtar den dá chineál rialaithe seo a bheith ann:

(a) seilbh dhíreach nó indíreach ar níos mó ná 50 % de luach ainmniúil an scairchaipitil eisithe san eintiteas dlíthiúil lena mbaineann, nó tromlach chearta vótála na scairshealbhóirí nó chomhlacha an eintitis sin;

(b) seilbh dhíreach nó indíreach, i bhfírinne nó i ndlí, ar chumhachtaí cinnteoireachta san eintiteas dlíthiúil lena mbaineann.

3. Mar sin féin, ní mheasfar gur ionann na caidrimh seo a leanas idir eintitis dhlíthiúla agus caidrimh rialaithe:

(c) seilbh dhíreach nó indíreach ar níos mó ná 50 % de luach ainmniúil an scairchaipitil eisithe nó tromlach chearta vótál na scairshealbhóirí nó na gcomhlach a bheith ag an corparáid infheistíochta poiblí chéanna, an t-infheisteoir institiúideach céanna nó an chuideachta caipitil fiontair chéanna;

(d) úinéireacht ag an gcomhlacht poiblí céanna ar na heintitis dhlíthiúla, nó déanann an comhlacht poiblí céanna maoirseacht orthu.

# Caibidil II
# DEONTAIS

## ROINN I
## NÓS IMEACHTA UM DHÁMHACHTAIN

*Airteagal 8*

**Coinníollacha le haghaidh rannpháirtíochta**

1. Beidh feidhm ag na coinníollacha íosta seo a leanas:

(a) beidh ar a laghad trí eintiteas dhlíthiúla rannpháirteach i ngníomhaíocht;

(b) beidh gach ceann den trí eintiteas sin bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar;

(c) ní bheidh dhá ceann as na trí eintiteas bunaithe sa Bhallstát céanna nó sa tír ghaolmhar chéanna;

(d) beidh na trí eintitis dhlíthiúla neamhspleách ar a chéile laistigh de bhrí Airteagal 7.

2. Chun críocha mhír 1, i gcás inarb é an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, nó eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach, nó eintiteas arna chruthú faoi dhlí an Aontais ceann de na rannpháirtithe, measfar go bhfuil sé bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar seachas Ballstát nó tír ghaolmhar ina bhfuil rannpháirtí sa ghníomhaíocht chéanna bunaithe.

3. De mhaolú ar mhír 1, i gcás gníomhaíochta taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde, ionstraim FBManna, gníomhaíochtaí chun clár a chomhchistiú agus i gcásanna a bhfuil bonn leo agus a

ndéantar foráil dóibh sa chlár oibre nó sa phlean oibre, is í an choinníoll íosta rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúil amháin atá bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta agus gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaiseachta, is í an choinníoll íosta rannpháirtíocht eintitis dhlíthiúil amháin.

5. Féadfaidh cláir oibre nó pleananna oibre foráil a dhéanamh maidir le breis coinníollacha de réir ceanglas sonrach beartais nó de réir an chineáil gníomhaíochta nó chuspóirí na gníomhaíochta, lena n-áirítear *inter alia* coinníollacha maidir le líon na rannpháirtithe, an cineál rannpháirtí agus an áit ina bhfuil siad bunaithe.

*Airteagal 9*

**Incháilitheacht le haghaidh cistiúcháin**

1. Tá na rannpháirtithe seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiúcháin ón Aontas:

   (a) eintiteas dlíthiúil ar bith arna bhunú i mBallstát nó i dtír ghaolmhar, nó arna chruthú faoi dhlí an Aontais;

   (b) aon eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach;

   (c) aon eintiteas dlíthiúil arna bhunú i dtríú tír arna sonrú sa chlár oibre.

2. I gcás eagraíochta idirnáisiúnta rannpháirtí, nó i gcás eintitis dhlíthiúil rannpháirtigh atá bunaithe i dtríú tír, nach bhfuil ceachtar acu incháilithe le haghaidh cistiúcháin de réir mhír 1, féadtar cistiú ón Aontas a dheonú ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) meastar go bhfuil rannpháirtíocht riachtanach chun go ndéanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an ghníomhaíocht;

   (b) déantar foráil maidir leis an gcistiú sin faoi chomhaontú déthaobhach eolaíoch agus teicneolaíoch nó faoi aon shocrú eile idir an tAontas agus an eagraíocht idirnáisiúnta nó, i gcás eintiteas atá bunaithe i dtríú tíortha, idir an tAontas agus an tír ina bhfuil an t-eintiteas dlíthiúil bunaithe.

*Airteagal 10*

**Glaonna ar thograí**

Gan dochar do na cásanna eile dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] agus i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Tarmligthe], ní eiseofar glaonna ar thograí i ndáil le gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta ná gníomhaíochtaí chun clár a chomhchistiú a dhéanfaidh eintitis dhlíthiúla arna sainaithint sna cláir oibre, ar choinníoll nach dtagann an ghníomhaíocht faoi raon feidhme glao ar thograí.

*Airteagal 11*

**Glaonna coiteanna i gcomhar le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

1. Féadfar glaonna coiteanna ar thograí i gcomhar le tríú tíortha nó lena n-eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eolaíocha agus teicneolaíocha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a sheoladh chun comhchistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí. Déanfar tograí a mheas agus a roghnú trí bhíthin nósanna imeachta coiteanna meastóireachta agus roghnúcháin a chinnfear. Áiritheoidh na nósanna imeachta meastóireachta agus roghnúcháin sin go gcomhlíonfar na prionsabail atá leagtha amach i dTeideal VI de Rialachán (AE) XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] agus bainfidh grúpa cothrom de shaineolaithe neamhspleácha arna gceapadh ag gach páirtí leis.

2. Tabharfaidh eintitis dhlíthiúla a fhaigheann cistiú ón Aontas comhaontú deontais i gcrích leis an Aontas nó leis an gcomhlacht cistiúcháin ábhartha. Áireofar sa chomhaontú deontais sin cur síos ar an obair atá le déanamh ag na rannpháirtithe sin agus ag na heintitis dhlíthiúla rannpháirteacha ó na tríú tíortha lena mbaineann.

3. Tabharfaidh eintitis dhlíthiúla a fhaigheann cistiú ón Aontas comhaontú comhordaithe i gcrích leis an heintitis dhlíthiúla rannpháirteacha a fhaigheann cistiú ó na tríú tíortha ábhartha nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta.

*Airteagal 12*

**Tograí**

1. Nuair is iomchuí, áireofar sna tograí dréachtphlean chun na torthaí a shaothrú agus a leathadh.

2. Áireofar in aon togra maidir le gaschealla suthacha daonna, de réir mar is iomchuí, sonraí faoi bhearta ceadúnaithe agus rialaithe a ghlacfaidh údaráis inniúla na mBallstát mar aon le sonraí faoi na formheasanna eiticiúla a sholáthrófar. Maidir le díorthú na ngascheall suthach daonna, beidh institiúidí, eagraíochtaí agus taighdeoirí faoi réir ceadúnú agus rialú dian i gcomhréir le creat dlíthiúil na mBallstát lena mbaineann.

3. Féadfar togra atá ag teacht salach ar phrionsabail eiticiúla nó ar aon reachtaíocht is infheidhme, nó togra nach gcomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh Uimh. XX/XX/AE [an clár sonrach], sa chlár oibre nó sa phlean oibre nó sa ghlao ar thograí, féadfar an togra sin a eisiamh ó na nósanna imeachta meastóireachta, roghnúcháin agus dámhachtana tráth ar bith.

*Airteagal 13*

**Athbhreithniú eitice**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithnithe eitice ar bhonn córasach i ndáil le tograí a mbaineann ceisteanna eiticiúla leo. Fíorófar san athbhreithniú sin go bhfuil prionsabail eiticiúla agus reachtaíocht á n-urramú agus, i gcás taighde arna dhéanamh lasmuigh den Aontas, go gceadófaí an taighde céanna a dhéanamh i mBallstát.

*Airteagal 14*

**Critéir roghnúcháin agus dámhachtana**

1. Déanfar na tograí a chuirfear isteach a mheas ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:

   (a) sainiúlacht;

   (b) tionchar;,

   (c) cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme.

2. Beidh feidhm ag critéar amháin 'sainiúlacht' i gcás tograí maidir le gníomhaíochtaí 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde.

3. Leagfar síos sa chlár oibre nó sa phlean oibre breis sonraí maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana atá leagtha síos i mír 1, agus sonrófar ann ualuithe agus tairsigh.

4. Déanfar tograí a rangú de réir na dtorthaí meastóireachta. Déanfar an roghnúchán ar bhonn an rangaithe sin.

5. Fíoróidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an acmhainn airgeadais roimh ré i gcás comhordaitheoirí amháin nuair is ionann an cistiú atá á iarraidh ar an Aontas don ghníomhaíocht agus EUR 500 000, nó nuair is mó ná sin é, ach amháin i gcás ina bhfuil forais amhrais ann, de réir na faisnéise atá ar fáil, maidir le hacmhainn airgeadais an chomhordaitheora nó rannpháirtithe eile.

6. Ní fhíorófar an acmhainn airgeadais d'eintitis dhlíthiúla a ráthaíonn Ballstát nó tír ghaolmhar a n-inmharthanacht nó d'ardionaid oideachais nó d'ionaid mheánoideachas.

*Airteagal 15*

**An nós imeachta athbhreithnithe ar mheastóireacht**

1. Cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha nós imeachta athbhreithnithe ar mheastóireacht ar fáil d'iarratasóirí a mheasann nár rinneadh an mheastóireacht ar a dtogra i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach san rialacha seo, sa chlár oibre nó plean oibre ábhartha agus sa ghlao ar thograí.

2. Bainfidh iarratas ar athbhreithniú le togra ar leith, agus cuirfidh comhordaitheoir an togra isteach é laistigh de 30 lá ón dáta a chuireann an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha an comhordaitheoir ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta.

3. Is é an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha a bheidh freagrach as an iarratas sin a scrúdú. Ní chumhdóidh an scrúdú sin ach gnéithe na meastóireachta a bhaineann le nós imeachta, agus ní chumhdóidh sé fiúntas an togra.

4. Soláthróidh coiste athbhreithnithe ar mheastóireacht ar a bhfuil foireann ón gCoimisiún nó foireann ón gcomhlacht cistiúcháin ábhartha tuairim ar ghnéithe nós imeachta an phróisis mheastóireachta. Oifigeach ón gCoimisiún nó ón gcomhlacht cistiúcháin ábhartha a bheidh ina chathaoirleach air, ó roinn nach é an roinn atá freagrach as an nglao ar thograí. D'fhéadfadh an coiste ceann acu seo a leanas a mholadh:

(a) athmheastóireacht a dhéanamh ar an togra;

(b) an chéad tuairim a dhearbhú.

5. Ar bhonn an mholta sin, glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha Cinneadh agus cuirfear in iúl do chomhordaitheoir an togra é.

6. Ní chuirfidh an nós imeachta athbhreithnithe moill ar phróiseas roghnúcháin na dtograí nach ábhar na n-iarratas ar athbhreithniú na tograí sin.

7. Ní chuirfidh an nós imeachta athbhreithnithe bac ar aon ghníomhaíocht eile a ghlacfaidh an rannpháirtí i gcomhréir le dlí an Aontais.

*Airteagal 16*

**Comhaontú deontais**

1. Rachaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha i mbun comhaontú deontais leis na rannpháirtithe.

2. Bunófar leis an gcomhaontú deontais cearta agus oibleagáidí na rannpháirtithe, an Choimisiúin nó comhlachtaí cistiúcháin ábhartha. Bunófar leis freisin cearta agus oibleagáidí na n-eintiteas dlíthiúil ar rannpháirtithe iad le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta.

3. Féadfar cearta agus oibleagáidí na rannpháirtithe a bhunú maidir le cearta rochtana, saothrú agus leathadh, sa bhreis orthu sin atá leagtha síos sa Rialachán seo.

4. Léireoidh an comhaontú deontais, nuair is iomchuí, na prionsabail ghinearálta atá leagtha síos sa Mholadh ón gCoimisiún ar an gCairt Eorpach do Thaighdeoirí agus an Cód Iompair maidir le Taighdeoirí a earcú[16].

5. Beidh san áireamh sa chomhaontú deontais, nuair is iomchuí, forálacha a áirithíonn go n-urramófar prionsabail eiticiúla, lena n-áirítear trí bhord neamhspleách eitice a bhunú chomh maith le ceart an Choimisiúin chun iniúchadh eitice a dhéanamh.

6. Féadfaidh deontais shonracha le haghaidh gníomhaíochtaí bheith mar chuid de chreat comhpháirtíochta de réir fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] agus Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán Tarmligthe].

---

16 COIM(2005) 576 leagan deireanach, 11.3.2005

*Airteagal 17*

**Cinntí deontais**

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal X de Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais], nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha cinntí deontais a ghlacadh seachas dul i mbun comhaontuithe deontais. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo a thagraíonn do chomhaontuithe deontais *mutatis mutandis.*

*Airteagal 18*

**Córas leictreonach slán**

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha córas leictreonach slán a bhunú le haghaidh malartuithe leis na rannpháirtithe. Measfar gur bundoiciméad an doiciméad a chuirfear isteach tríd an gcóras seo, lena n-áirítear comhaontuithe deontais, i gcás ina n-úsáidfear comhartha aitheantais úsáide agus pasfhocal ionadaí an rannpháirtí. An comhartha aitheantais a bheidh ag teastáil is ea síniú ar an doiciméad lena mbaineann.

## ROINN II
## CUR CHUN FEIDHME

*Airteagal 19*

**An ghníomhaíocht a chur chun feidhme**

1. Cuirfidh na rannpháirtithe an ghníomhaíocht chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha agus na hoibleagáidí atá leagtha amach sa Rialachán seo, Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais], Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán Tarmligthe], Cinneadh (AE) Uimh. XX/XX [an clár sonrach], an clár oibre nó an plean oibre, an glao ar thograí agus an comhaontú deontais.

2. Ní dhéanfaidh na rannpháirtithe aon ghealltaí nach bhfuil ag teacht leis an gcomhaontú deontais. I gcás nach gcomhlíonann an rannpháirtí a oibleagáidí maidir le cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta, comhlíonfaidh rannpháirtithe eile na hoibleagáidí gan aon bhreis chistiúcháin ón Aontas ach amháin má bhaineann an Coimisiún nó comhlacht cistiúcháin an oibleagáid sin uathu. Beidh freagracht airgeadais gach rannpháirtí teoranta dá fhiacha féin, faoi réir na bhforálacha a bhaineann leis an gCiste. Áiritheoidh na rannpháirtithe go gcuirfear an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ar an eolas faoi imeacht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme na gníomhaíochta nó leasanna an Aontais.

3. Cuirfidh na rannpháirtithe an ghníomhaíocht chun feidhme agus déanfaidh siad na bearta réasúnta ar fad is gá chuige sin. Beidh na hacmhainní cuí acu nuair is gá chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. I gcás ina bhfuil gá leis chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme, féadfaidh siad glaoch ar thríú páirtithe, lena n-áirítear fochonraitheoirí, chun gnéithe áirithe den ghníomhaíocht a dhéanamh nó féadfaidh siad na hacmhainní a chuireann tríú páirtí ar fáil trí mheán ranníocaíochtaí comhchineáil a úsáid de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontú

deontais. Beidh an fhreagracht iomlán ar an rannpháirtí i leith an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin ábhartha agus i leith na rannpháirtithe eile i dtaobh an obair atá le déanamh.

4. Beidh dámhachtain fochonarthaí chun gnéithe áirithe na gníomhaíochta a dhéanamh teoranta do chásanna dá bhforáiltear sa chomhaontú deontais.

5. Féadfaidh tríú páirtithe nach fochonraitheoirí iad cuid d'obair rannpháirtí a dhéanamh faoin ngníomhaíocht, ar choinníoll go sainaithnítear an tríú páirtí agus an obair atá le déanamh sa chomhaontú deontais.

D'fhéadfadh na costais a thabhaíonn na tríú páirtithe sin a bheith incháilithe má chomhlíonann an tríú páirtí na coinníollacha seo a leanas:

(a) go mbeadh sé incháilithe do chistiú, dá mba rannpháirtí é;

(b) gur eintiteas cleamhnaithe é nó go bhfuil ceangal aige le rannpháirtí faoi chuimsiú struchtúir dhlíthiúil a chumhdaíonn comhoibriú nach bhfuil teoranta don tionscadal;

(c) go sonraítear sa chomhaontú deontais é;

(d) go gcloíonn sé leis na rialacha is infheidhme maidir leis an rannpháirtí faoin gcomhaontú deontais maidir le hincháilitheacht costas agus rialú ar chaiteachas.

6. Féadfaidh tríú páirtithe freisin acmhainní a chur ar fáil do rannpháirtí trí bhíthin ranníocaíochtaí comhchineáil leis an ngníomhaíocht. Tá costais arna dtabhú ag tríú páirtithe i ndáil lena ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéantar saor in aisce, incháilithe do mhaoiniú ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha arna mbunú sa chomhaontú deontais.

7. Féadfaidh tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe bheith mar chuid den ghníomhaíocht faoi na coinníollacha arna mbunú i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] agus Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Tarmligthe]. Féadfar dul thar na méideanna dá dtagraítear in Airteagal [127(2)(c)] de Rialachán (AE) XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] nuair is gá chun cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach.

8. Maidir leis an ngníomhaíocht arna déanamh ag rannpháirtithe ar údaráis chonarthacha iad laistigh de bhrí Threoir 2004/17/CE[17], Threoir 2004/18/CE[18] agus Threoir 2009/80/CE[19] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, d'fhéadfadh soláthar réamhthráchtála agus soláthar réiteach nuálaíoch a bheith mar phríomhaidhm acu nó mar chuid dá n-aidhm, nuair a dhéantar foráil dó sin i gclár oibre nó i bplean oibre agus nuair atá a éilítear a leithéid do chur chun feidhme na gníomhaíochta. Sa chás sin, beidh feidhm ag na rialacha atá leagtha amach in

---

17 IO L 134, 30.4.2004, lch. 1.
18 IO L 134, 30.4.2004, lch. 114.
19 IO L 216, 20.8.2009, lch. 76.

Airteagal 35(2) agus in Airteagal 49(2) agus (3) maidir leis na nósanna imeachta soláthair a dhéanann na rannpháirtithe.

9. Comhlíonfaidh na rannpháirtithe an reachtaíocht náisiúnta, na rialacháin agus na rialacha eiticiúla sna tíortha ina ndéanfar an ghníomhaíocht. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na rannpháirtithe formheas na gcoistí eitice ábhartha náisiúnta nó áitiúla sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht.

10. Déanfar aon obair a bhaineann le hainmhithe i gcomhréir le hAirteagal 13 den CFAE agus comhlíonfaidh sé an ceanglas maidir le húsáid ainmhithe chun críocha eolaíocha a ionadú, a laghdú agus a athmhúnlú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus go háirithe le Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20].

*Airteagal 20*

**Cuibhreannas**

1. Comhaltaí aon chuibhreannais ar mhaith leo bheith rannpháirteach i ngníomhaíocht, ceapfaidh siad comhalta amháin a fheidhmeoidh mar chomhordaitheoir agus sainaithneofar an comhordaitheoir sin sa chomhaontú deontais.

2. Tabharfaidh comhaltaí cuibhreannais atá rannpháirteach i ngníomhaíocht comhaontú inmheánach i gcrích (an comhaontú cuibhreannais), ach amháin i gcásanna a bhfuil bonn cuí leo dá bhforáiltear sa chlár oibre nó sa phlean oibre nó sa ghlao ar thograí.

3. Féadfaidh an cuibhreannas moladh a dhéanamh rannpháirtí a áireamh nó a bhaint, i gcomhréir le forálacha éagsúla an chomhaontaithe deontais, ar choinníoll go bhfuil an t-athrú sin i gcomhréir leis an coinníollacha rannpháirtíochta, nach ndéanfaidh sé dochar do chur chun feidhme na gníomhaíochta agus nach bhfuil sé ag teacht salach ar phrionsabal na córa comhionainne.

## ROINN III
## CINEÁLACHA DEONTAS AGUS RIALACHA CISTIÚCHÁIN

*Airteagal 21*

**Cineálacha deontas**

Is iad na cineálacha deontas dá bhforáiltear in Airteagal [116] de Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] a bheidh sna deontais.

---

20 IO L 276, 20.10.2010, lch. 33.

*Airteagal 22*

**An ghníomhaíocht a chistiú**

1. Ní rachaidh an cistiú le haghaidh ghníomhaíochta thar na costais incháilithe iomlána lúide fáltais na gníomhaíochta.

2. Meastar gurb iad fáltais na gníomhaíochta an méid seo a leanas:

   (a) Acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil do na rannpháirtithe trí bhíthin aistrithe airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéantar saor in aisce, ar choinníoll go ndéanann an tríú páirtí an ranníocaíocht lena húsáid go sonrach sa ghníomhaíocht;

   (b) Ioncam arna ghineadh ag an ngníomhaíocht, seachas ioncam arna ghineadh trí thorthaí na gníomhaíochta a shaothrú;

   (c) Ioncam arna ghineadh ó dhíol na sócmhainní a ceannaíodh faoin gcomhaontú deontais go dtí luach an chostais a ghearr an rannpháirtí i dtús báire ar an ngníomhaíocht.

3. Cuirfear ráta amháin aisíocaíochta de na costais incháilithe i bhfeidhm in aghaidh na gníomhaíochta i gcás gach gníomhaíochta arna gcistiú inti. Socrófar an t-uasráta sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

4. D'fhéadfadh an luach ar an deontas "Fís 2020" a bheith cothrom le 100 % ar a mhéid de na costais incháilithe iomláin

5. Beidh teorainn 70 % ar a mhéid de na costais incháilithe iomláin leis an deontas "Fís 2020" do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) gníomhaíochtaí amhail fréamhshamhlú, tástáil, léiriú, forbairt thurgnamhach, píolótú, macasamhlú an mhargaidh;

   (b) gníomhaíochtaí chun clár a chomhchistiú.

6. Beidh feidhm freisin ag na rátaí aisíocaíochta arna gCinneadh san Airteagal seo maidir le gníomhaíochtaí ina bhfuil an ráta comhréidh, nó scála na gcostas aonaid nó maoiniú cnapshuime socraithe don ghníomhaíocht ar fad nó do chuid de.

*Airteagal 23*

**Incháilitheacht costas**

1. Déantar na coinníollacha maidir le hincháilitheacht costas a shainiú in Airteagal X de Rialachán (AE) Uimh. xx [an Rialachán Airgeadais/an Rialachán Tarmligthe]. D'fhéadfadh costais arna dtabhú ag tríú páirtithe faoin ngníomhaíocht bheith incháilithe de réir fhorálacha an Rialacháin seo agus an chomhaontaithe deontais.

2. Is iad na costais neamh-incháilithe na costais sin nach gcomhlíonann na coinníollacha thuasluaite, go háirithe forálacha maidir le cailliúintí nó muirir a

d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, costais aistrithe, costais a bhaineann le toradh ar chaipiteal, costais arna n-aisíoc i ndáil le gníomhaíocht eile nó clár eile Aontais, fiach agus muirir féich agus róchaiteachas nó caiteachas doscaí.

*Airteagal 24*

**Costais indíreacha**

1. Cinnfear costais incháilithe indíreacha trí ráta comhréidh 20 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána a chur i bhfeidhm, seachas na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh fochonraitheoireachta agus costais na n-acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil nach n-úsáidtear ar áitreabh an tairbhí, chomh maith le tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe.

2. De mhaolú ar mhír 1, déanfar costais indíreacha a dhearbhú i bhfoirm cnapshuime nó scála na gcostas aonaid nuair a fhoráiltear dó sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

*Airteagal 25*

**Uaireanta táirgiúla bliantúla**

1. Ní chumhdóidh costais incháilithe phearsana ach na huaireanta iarbhír a oibríonn na daoine atá bainteach go díreach leis an obair a dhéanamh faoin ngníomhaíocht. Is é an rannpháirtí a sholáthróidh an fhianaise maidir leis na huaireanta iarbhír a oibrítear, agus déanfaidh sé sin de ghnáth trí chóras taifeadta ama.

2. Maidir le daoine atá ag obair go heisiach ar son na gníomhaíochta, ní gá an t-am a thaifead. Sna cásanna sin, síneoidh an rannpháirtí dearbhú a dhearbhóidh go raibh an duine lena mbaineann ag obair go heisiach ar son na gníomhaíochta.

3. Beidh san áireamh sa chomhaontú deontais na ceanglais íosta maidir leis an gcóras taifeadta ama mar aon le líon na n-uaireanta táirgiúla bliantúla a bheidh le húsáid chun rátaí in aghaidh na huaire a ríomh don phearsanra .

*Airteagal 26*

**Costais phearsanra ar úinéirí fiontar beag agus meánmhéide agus ar dhaoine nádúrtha gan tuarastal**

Féadfaidh úinéirí fiontar beag agus meánmhéide nach bhfaigheann tuarastal agus daoine nádúrtha eile nach bhfaigheann tuarastal costais phearsanra a ghearradh ar bhonn scála na gcostas aonaid.

*Airteagal 27*

**Scálaí na gcostas aonaid**

1. I gcomhréir le hAirteagal X de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais], féadfaidh an Coimisiún modhanna a bhunú chun scála na gcostas aonaid a chinneadh bunaithe ar:

   (a) sonraí staitistiúla nó modhanna oibiachtúla dá samhail;

   (b) sonraí stairiúla so-iniúchta an rannpháirtí.

2. Féadfar costais dhíreacha incháilithe phearsanra a mhaoiniú ar bhonn scála na gcostas aonaid arna chinneadh de réir ghnáthchleachtais an rannpháirtí i ndáil le cuntasaíocht costais, ar choinníoll go gcomhlíonann siad iomlán na gcritéar seo a leanas:

   (a) go ríomhfar iad ar bhonn iomlán na gcostas iarbhír pearsanra atá taifeadta i gcuntais ghinearálta an rannpháirtí is féidir a choigeartú ar bhonn gnéithe a ndéantar buiséadú nó meastachán orthu de réir na gcoinníollacha arna sainiú ag an gCoimisiún;

   (b) go gcomhlíonfaidh siad forálacha Airteagal 23;

   (c) go n-áiritheoidh siad go gcomhlíonfar an ceanglas neamhbhrabúis agus go seachnófar cistiú faoi dhó costas;

   (d) go ríomhfar iad ag féachaint go cuí leis na forálacha maidir le huaireanta táirgiúla in Airteagal 25.

*Airteagal 28*

**Deimhniú ar ráitis airgeadais**

Cumhdóidh deimhniú ar ráitis airgeadais méid iomlán an deontais arna éileamh ag rannpháirtí i bhfoirm aisíocaíochta costas iarbhír agus i bhfoirm scála na gcostas aonaid dá dtagraítear in Airteagal 27(2). Ní chuirfear an deimhniú isteach ach amháin nuair is ionann an méid sin agus EUR 325 000 nó nuair is mó ná sin é tráth a éilítear iarmhéid an deontais a íoc.

*Airteagal 29*

**Deimhnithe ar mhodheolaíocht**

1. Féadfaidh rannpháirtithe a ríomhann costais dhíreacha phearsanra agus a éilíonn na costais sin ar bhonn scála na gcostas aonaid deimhniú ar mhodheolaíocht a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Comhlíonfaidh an mhodheolaíocht sin na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 27(2) agus comhlíonfaidh sí ceanglais an chomhaontaithe deontais.

2. I gcás ina nglacann an Coimisiún le deimhniú ar an modheolaíocht, beidh sé bailí do gach gníomhaíocht a mhaoinítear faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020]

agus líomhfaidh an rannpháirtí costais, agus éileoidh sé costais, ar bhonn an deimhnithe sin.

*Airteagal 30*

**Iniúchóirí deimhniúcháin**

1. Bunóidh iniúchóir neamhspleách atá cáilithe chun iniúchtaí reachtacha a dhéanamh ar dhoiciméid chuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] nó i gcomhréir le rialacháin náisiúnta dá samhail, nó bunóidh oifigeach poiblí inniúil neamhspleách ar shuigh na húdaráis náisiúnta an acmhainn dhlíthiúil a bheith aige iniúchadh a dhéanamh ar an rannpháirtí agus nach raibh baint aige leis na ráitis airgeadais a ullmhú, bunóidh an duine sin na deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus ar an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 28 agus 29.

2. Ar iarratas ón gCoimisiún, ón gCúirt Iniúchóirí nó ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, deonóidh an t-iniúchóir a sheachadann an deimhniú ar na ráitis airgeadais agus ar an modheolaíocht, deonóidh sé rochtain ar na doiciméid tacaíochta agus ar na páipéir iniúchta oibre ar eisíodh deimhniú ar na ráitis airgeadais ar a mbonn.

*Airteagal 31*

**Cistiú iomlán**

D'fhéadfaí deontas ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020] a dhámhachtain de thoradh gníomhaíochta ar dámhadh deontas ó bhuiséad an Aontais uirthi, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na deontais na hítimí costais céanna.

## ROINN IV
## RÁTHAÍOCHTAÍ

*Airteagal 32*

**Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe**

1. Bunaítear leis seo Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe ("an Ciste") agus cumhdóidh sé an riosca a bhaineann le suimeanna nach ngnóthaítear ar suimeanna iad atá dlite don Aontas faoi ghníomhaíochtaí arna maoiniú trí dheontais ón gCoimisiún faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus ó chomhlachtaí de chuid an Choimisiúin nó an Aontais faoi "Fís 2020" de réir na Rialacha atá leagtha amach sa Rialachán seo. Tiocfaidh an Ciste in áit agus i gcomharbas ar an gCiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe arna bhunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006.

---

21 IO L 157, 9.6.2006, lch. 87.

2. Feidhmeofar an Ciste i gcomhréir le hAirteagal 33. Cuirfear an t-ús airgeadais a ghineann an Ciste leis an gCiste agus úsáidfear é chun na críocha atá leagtha amach in Airteagal 33(3) amháin.

3. I gcás nach leor an t-ús airgeadais chun na oibríochtaí a thuairiscítear in Airteagal 33(3) a chumhdach, ní dhéanfaidh an Ciste idirghabháil agus gnóthóidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais an méid atá dlite go díreach ó na tairbhithe.

4. Meastar gur ráthaíocht leordhóthanach an Ciste faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais]. Ní ghlacfar le ráthaíocht bhreise nó le hurrús breise ó rannpháirtithe nó a chuirfear orthu ach amháin sa chás atá luaite i mír 3.

5. Tabharfaidh na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí faoi Fhís 2020 a gcumhdaíonn an Ciste a riosca, ranníocaíocht de 5 % de chistiú an Aontais don ghníomhaíocht. Ag deireadh na gníomhaíochta, tabharfar an méid a cuireadh leis an gCiste ar ais chuig na rannpháirtithe, tríd an gcomhordaitheoir.

*Airteagal 33*

**Oibríocht an Chiste**

1. Is é an Coimisiún i gcáil ionadaí an Aontais a bhainisteoidh an Ciste agus feidhmeoidh sé mar ghníomhaire feidhmiúcháin ar son na rannpháirtithe, de réir na gcoinníollacha arna mbunú leis an gcomhaontú deontais.

   Féadfaidh an Coimisiún an Ciste a bhainistiú go díreach nó bainistíocht airgeadais an Chiste a chur de chúram ar an mBanc Eorpach Infheistíochta nó ar institiúid iomchuí airgeadais (an banc taiscíochta). Is é an banc taiscíochta a bhainisteoidh an Ciste de bhun threoracha an Choimisiúin.

2. Féadfar ranníocaíocht na rannpháirtithe leis an gCiste a chúiteamh ón gcéad réamh-mhaoiniú agus íocfar é leis an gCiste ar son na rannpháirtithe.

3. I gcás ina bhfuil méideanna dlite don Aontas ó rannpháirtí féadfaidh an Coimisiún, gan dochar do phionóis is féidir a chur ar an rannpháirtí mainneachtana, ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an méid atá dlite a aistriú ón gCiste chuig comhordaithe na gníomhaíochta, nó ordú a thabhairt don bhanc taiscíochta an méid sin a dhéanamh. Déanfar an t-aistriú sin tar éis deireadh a chur le rannpháirtíocht an rannpháirtí mainneachtana nó tar éis an rannpháirtíocht a tharraingt siar más gníomhaíocht leanúnach é agus má aontaíonn na rannpháirtithe atá fágtha lena chur chun feidhme de réir na gcuspóirí céanna. Measfar gur cistiú an Aontais iad méideanna a aistreofar ón gCiste;

   (b) an méid sin a ghnóthú go héifeachtúil ón gCiste.

   Eiseoidh an Coimisiún ordú gnóthacháin i gcoinne an rannpháirtí sin chun sochar an Chiste. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún Cinneadh gnóthacháin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais].

4. Ioncam atá sannta don Chiste laistigh den bhrí Airteagal X de Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] atá sna méideanna a ghnóthaítear. A luaithe is atá na deontais ar fad a gcumhdaíonn an Ciste a riosca curtha chun feidhme ina n-iomláine, gnóthóidh an Coimisiún aon suimeanna atá gan íoc agus cuirfear isteach i mbuiséad an Aontais iad, faoi féir chinntí an údaráis reachtaigh.

# Caibidil IV
# DUAISEANNA, SOLÁTHAR AGUS IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

*Airteagal 34*

**Duaiseanna**

D'fhéadfadh cistiú an Aontais bheith i bhfoirm duaiseanna mar atá sainithe i dTeideal VII de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais].

*Airteagal 35*

**Soláthar, soláthar réamhthráchtála**
**agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch**

1. Aon soláthar a dhéanfaidh an Coimisiún ar a shon féin nó i gcomhar leis na Ballstáit, beidh sé faoi réir na rialacha maidir le soláthar poiblí mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais] agus Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Tarmligthe].

2. D'fhéadfadh cistiú an Aontais bheith i bhfoirm soláthair réamhthráchtála nó soláthair réiteach nuálaíoch a dhéanann an Coimisiún nó an comhlacht ábhartha cistiúcháin ar a shon féin nó i gcomhar le húdaráis chonarthacha ó Bhallstáit agus ó thíortha gaolmhara.

   Na nósanna imeachta um sholáthar:

   (a) comhlíonfaidh siad prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne, na bainistíochta fónta airgeadais, na comhréireachta agus rialacha iomaíochta agus, nuair is infheidhme, Treoir 2004/17/CE, Treoir 2004/18/CE agus Treoir 2009/81/CE nó, i gcás ina bhfeidhmíonn an Coimisiún ar a shon féin, Rialachán (AE) Uimh. XX/2012 [an Rialachán Airgeadais];

   (b) féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha sonracha amhail ionad feidhmíochta na ngníomhaíochtaí arna soláthar a bheith teoranta i gcás soláthair réamhthráchtála do chríoch na mBallstát agus tíortha a bhfuil baint acu le Fís 2020, nuair a thugann cuspóirí na ngníomhaíochtaí bonn cuí leis;

   (c) féadfaidh siad dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);

(d) déanfaidh siad foráil maidir le dámhachtain na gconarthaí ar an tairiscint/na tairiscintí is buntáistí go heacnamaíoch.

*Airteagal 36*

**Ionstraimí airgeadais**

3. Féadfaidh na hionstraimí airgeadais a bheith in aon ceann de na foirmeacha dá dtagraítear in [Teideal VIII] de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais] agus cuirfear chun feidhme i gcomhréir leis sin iad, agus féadfar iad a chur le chéile le deontais arna gcistiú faoi bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear Fís 2020.

4. I gcomhréir le hAirteagal [18(2)] de Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [an Rialachán Airgeadais], sannfar ioncaim agus aisíocaíochtaí arna ngineadh ag ionstraim airgeadais a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020] don ionstraim airgeadais sin.

5. Sannfar ioncaim agus aisíocaíochtaí arna ngineadh ag an tSaoráid Airgeadais Roinnte Riosca a bunaíodh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE agus céim luath na Saoráide Ardfháis agus Nuálaíche do FBManna (GIF1) a bunaíodh faoin Chinneadh Uimh. 1639/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22], do na hionstraimí airgeadais atá le teacht faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020];

# Caibidil VII
# SAINEOLAITHE

*Airteagal 37*

**Saineolaithe neamhspleácha a cheapadh**

1. Féadfaidh an Coimisiún agus, nuair is iomchuí, comhlachtaí cistiúcháin, saineolaithe neamhspleácha a cheapadh chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí nó chun comhairle nó cúnamh a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

(a) meastóireacht ar thograí;

(b) monatóireacht ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) Uimh. XX/XX [Fís 2020] chomh maith le gníomhaíochtaí clár Taighde agus/nó Nuálaíochta a tháinig roimhe seo;

(c) beartas nó cláir taighde agus nuálaíochta an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear Fís 2020, agus Limistéar Eorpach Taighde a bhaint amach agus a fheidhmiú;

(d) meastóireacht a dhéanamh ar Chláir Taighde agus Nuálaíochta;

---

22 IO L 310, 9.11.2006, lch. 15.

(e) beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais a dhearadh lena n-áirítear cláir a ullmhú don todhchaí.

2. Roghnófar saineolaithe neamhspleácha ar bhonn na scileanna, na taithí agus an eolais is iomchuí chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh. I gcásanna ina mbíonn ar shaineolaithe neamhspleácha déileáil le faisnéis rúnaicmithe, beidh gá le himréiteach slándála iomchuí sula gceapfar iad.

Déanfar saineolaithe neamhspleácha a shainaithint agus a roghnú ar bhonn glaonna ar iarratais ó dhaoine aonair agus glaonna atá dírithe ar eagraíochtaí ábhartha amhail gníomhaireachtaí náisiúnta taighde, institiúidí taighde, eagraíochtaí um chaighdeánú nó fiontraíochtaí d'fhonn bunachar sonraí d'iarratasóirí a bhunú.

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha, má mheastar é a bheith iomchuí agus i gcásanna a bhfuil bonn cuí leo, aon duine a roghnú nach bhfuil sa bhunachar sonraí a bhfuil na scileanna iomchuí aige.

Déanfar bearta cuí ar mhaithe le cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a bhaint amach agus saineolaithe neamhspleácha á gceapadh.

Féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha comhairle a lorg ó na cuideachtaí comhairliúcháin chun saineolaithe neamhspleácha a cheapadh. I gcás gníomhaíochtaí taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde, ceapfaidh an Coimisiún saineolaithe ar bhonn togra ó Comhairle Eolaíoch na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

3. Glacfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ábhartha na céimeanna ar fad is gá chun a áirithiú nach mbeidh ar an saineolaí déileáil le coinbhleacht leasa maidir leis an ábhar a mbeidh air tuairim a thabhairt ina leith.

4. D'fhéadfaí na saineolaithe a cheapadh faoi cheapachán creata a bheadh bailí fad is a mhairfeadh Fís 2020 agus shannfaí cúraimí sonracha dóibh.

5. Foilseofar ainmneacha na saineolaithe a cheapfar i gcáil phearsanta, a thabharfaidh cúnamh don Choimisiún nó do na comhlachtaí cistiúcháin chun Rialachán (AE) Uimh. XX/XX, Fís 2020 agus Cinneadh Uimh. XX/XX/AE [an clár sonrach] a chur chun feidhme, foilseofar na hainmneacha sin uair amháin ar a laghad sa bhliain ar shuíomh idirlín an Choimisiúin nó an chomhlachta cistiúcháin. Déanfar ainmneacha na saineolaithe a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

# Teideal III
# RIALACHA MAIDIR LE TORTHAÍ A LEATHADH

## Caibidil I
## DEONTAIS

### ROINN I
### TORTHAÍ

*Airteagal 38*

**Úinéireacht torthaí**

1. Beidh torthaí faoi úinéireacht an rannpháirtí a ghin iad.

2. Nuair is i gcomhpháirt a ghin rannpháirtithe gníomhaíochta na torthaí agus nach féidir an sciar den obair a rinne gach ceann acu a shuíomh, beidh na torthaí faoi chomhúinéireacht acu. Bunóidh na comhúinéirí comhaontú maidir le leithdháileadh agus téarmaí na comhúinéireachta sin i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin gcomhaontú deontais.

   Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt sa chomhaontú comhúinéireachta, beidh gach comhúinéir i dteideal ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe chun na torthaí atá faoi chomhúinéireacht a shaothrú, gan an ceart focheadúnais a dheonú bheith acu, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

   (a) tabharfar réamhfhógra do na comhúinéirí eile;

   (b) tabharfar cúiteamh cóir réasúnach do na comhúinéirí eile;

3. Má tá fostaithe nó aon pháirtí atá ag obair do rannpháirtí i dteideal cearta ar na torthaí arna nginiúint a éileamh, áiritheoidh an rannpháirtí lena mbaineann gur féidir na cearta sin a fheidhmiú ar bhealach a thagann lena oibleagáidí faoin gcomhaontú.

*Airteagal 39*

**Cosaint torthaí**

1. I gcás inar féidir na torthaí a úsáid chun críocha tráchtála nó tionsclaíocha, scrúdóidh an rannpháirtí ar leis é na torthaí an féidir iad a chosaint, agus, más féidir, agus má thugann na cúinsí údar maith leis, cosnóidh sé go leordhóthanach iad go ceann tréimhse iomchuí ar limistéar iomchuí, ag féachaint go cuí dá leasanna dlisteanacha, agus do leasanna dlisteanacha rannpháirtithe eile na gníomhaíochta, a leasanna tráchtála go háirithe.

2. I gcás nach bhfuil sé beartaithe ag rannpháirtí a fuair maoiniú ón Aontas na torthaí a ghin sé a chosaint ar chúiseanna seachas an neamhfhéidearthacht sin a dhéanamh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta nó i ngeall ar gan mórán acmhainneachta saothraithe tráchtála bheith iontu, agus mura bhfuil sé beartaithe ag an rannpháirtí iad a aistriú go heintiteas dlíthiúil eile i mBallstát nó i dtír ghaolmhar d'fhonn iad a chosaint, cuirfidh sé an Coimisiún nó an comhlacht cistiúcháin ar an eolas sula leathann sé aon ní a bhaineann leis na torthaí sin. Féadfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais nó an chomhlachta maoiniúcháin, úinéireacht na dtorthaí sin a ghlacadh chuige agus na bearta is gá a dhéanamh chun iad a chosaint.

Ní fhéadfaidh an rannpháirtí diúltú toiliú leis sin ach amháin má thaispeánann sé go ndéanfaí mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha. Ní leathfar aon ní a bhaineann leis na torthaí sin go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún, nó ag an gcomhlacht maoiniúcháin, nó go gcinnfidh sé ar an úinéireacht a ghlacadh chuige féin agus na bearta is gá a dhéanamh chun a gcosaint a áirithiú. Leagfar síos teorainneacha ama ina leith sin sa chomhaontú deontais.

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag rannpháirtí a fuair maoiniú ón Aontas gan torthaí a chosaint níos mó nó gan síneadh ar an gcosaint sin a iarraidh ar chúiseanna seachas gan mórán acmhainneachta saothraithe tráchtála a bheith iontu, cuirfidh sé sin in iúl don Choimisiún nó don chomhlacht maoiniúcháin agus féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht maoiniúcháin leanúint den chosaint nó síneadh a chur léi trí úinéireacht na dtorthaí a ghlacadh chuige féin. Ní fhéadfaidh an rannpháirtí diúltú toiliú leis sin ach amháin má thaispeánann sé go ndéanfaí mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha. Leagfar síos teorainneacha ama ina leith sin sa chomhaontú deontais.

*Airteagal 40*

**Saothrú agus leathadh torthaí**

1. Gach rannpháirtí a fuair maoiniú ón Aontas, déanfaidh sé a dhícheall na torthaí ar leis iad a shaothrú trí bhíthin iad a úsáid chun críocha taighde nó tráchtála, sin nó cuirfidh sé iad á saothrú ag eintiteas dlíthiúil chun na críocha céanna, go háirithe trína n-aistriú agus trína gceadúnú i gcomhréir le hAirteagal 41.

Féadfar oibleagáidí breise maidir le saothrú a leagan síos sa chomhaontú deontais. Déanfar aon oibleagáidí breise den chineál sin a lua sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

2. Faoi réir aon srianta a bhaineann le cosaint maoine intleachtúla, le rialacha slándála nó le leasanna trádála dlistineacha, déanfaidh gach rannpháirtí na torthaí ar leis iad a leathadh a luaithe is féidir. Féadfar teorainneacha ama ina leith sin a leagan síos sa chomhaontú deontais.

Féadfar oibleagáidí breise maidir le leathadh a leagan síos sa chomhaontú deontais.

Maidir le leathadh a dhéanamh trí fhoilseacháin taighde, beidh feidhm ag rochtain oscailte faoi na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha síos sa chomhaontú deontais. Maidir le torthaí eile a leathadh, lena n-áirítear sonraí taighde, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais na téarmaí agus coinníollacha faoina dtabharfar rochtain oscailte ar na torthaí sin, go háirithe i gcás taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde nó i gcás réimsí iomchuí eile.

Tabharfar réamhfhógra do na rannpháirtithe eile i dtaca le haon ghníomhaíochtaí leata. I ndiaidh dó an fógra sin a fháil, féadfaidh rannpháirtí agóid a dhéanamh má thaispeánann sé go ndéanfadh an leathadh arna bheartú mórdhíobháil dá leasanna dlisteanacha ó thaobh torthaí nó réamheolais de. Sna cásanna sin, ní fhéadfar an ghníomhaíocht leata a dhéanamh mura ndéantar na bearta is gá chun na leasanna dlisteanacha sin a chosaint. Féadfar teorainneacha ama ina leith sin a leagan síos sa chomhaontú deontais.

3. Tuairisceoidh gach rannpháirtí don Choimisiún nó don chomhlacht maoiniúcháin maidir lena chuid gníomhaíochtaí a bhaineann le saothrú agus leathadh. Ionas go bhféadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht maoiniúcháin monatóireacht agus leathadh a dhéanamh, soláthróidh na rannpháirtithe gach faisnéis agus doiciméid úsáideach i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos sa chomhaontú deontais.

4. Gach iarratas ar phaitinn, gach caighdeán, gach foilseachán nó cineál eile leata, lena n-áirítear nithe i bhfoirm leictreonach, a bhaineann le torthaí, beidh ag gabháil leis ráiteas (lena n-áirítear ráiteas a dhéantar le modhanna físeacha, b'fhéidir) go bhfuair an ghníomhaíocht tacaíocht airgeadais ón Aontas. Bunófar téarmaí an ráitis sin sa chomhaontú deontais.

*Airteagal 41*

**Aistriú agus ceadúnú torthaí**

1. I gcás ina n-aistríonn rannpháirtí úinéireacht torthaí, déanfaidh sé na hoibleagáidí atá air faoin gcomhaontú deontais maidir leis an torthaí sin a aistriú chuig an aistrí, lena n-áirítear an oibleagáid iad a aistriú arís aon uair a dhéanfar aistriú ina dhiaidh sin.

Gan dochar d'oibleagáidí rúndachta a thagann as dlíthe nó rialacháin maidir le cumaisc agus éadálacha, más rud é go bhfuil cearta rochtana ag rannpháirtithe eile ar na torthaí atá le haistriú, déanfaidh an rannpháirtí a bhfuil sé beartaithe aige na torthaí a aistriú réamhfhógra a thabhairt do na rannpháirtithe sin, mar aon le faisnéis leordhóthanach ar an té atá beartaithe bheith ina úinéir nua ar na torthaí sa chaoi is go bhféadfaidh na rannpháirtithe sin anailís a dhéanamh ar éifeacht an aistrithe atá beartaithe ar fheidhmiú a gceart.

I ndiaidh an fhógra, féadfaidh rannpháirtí agóid a dhéanamh i gcoinne aistriú na húinéireachta má thaispeánann sé go rachadh an t-aistriú sin chun dochair d'fheidmhiú a gceart rochtana. Sa chás sin, ní fhéadfar an t-aistriú a dhéanamh go dtiocfaidh na rannpháirtithe lena mbaineann ar chomhaontú. Féadfar teorainneacha ama a leagan síos sa chomhaontú deontais.

Trí chomhaontú i scríbhinn a dhéanamh roimh ré, féadfaidh na rannpháirtithe eile an ceart atá acu réamhfhógra a fháil agus agóid a dhéanamh a tharscaoileadh i gcás aistriú úinéireachta ó rannpháirtí go tríú páirtí arna ainmniú go sonrach

2. Ar chuntar gur féidir gach ceart rochtana ar na torthaí a fheidhmiú agus go gcomhlíontar gach oibleagáid bhreise maidir le saothrú, féadfaidh an rannpháirtí ar leis é na torthaí ceadúnais a dheonú nó an ceart iad a shaothrú a dheonú ar shlí eile d'aon eintiteas dlíthiúil, lena n-áirítear ar bhonn eisiach.

3. Maidir le torthaí arna nginiúint ag rannpháirtithe a fuair maoiniú ón Aontas, féadfaidh an Coimisiún nó an comhlacht maoiniúcháin agóid a dhéanamh i gcoinne aistrithe úinéireachta chuig tríú páirtithe atá bunaithe i dtríú tíortha nach cuid de Fís 2020 iad, nó i gcoinne deonú ceadúnais eisiach do thríú páirtithe atá bunaithe sna tíortha sin, má mheasann sé nach bhfuil an deontas nó an t-aistriú sin ag luí leis an sprioc iomaíochas geilleagar an Aontais a fhorbairt nó go bhfuil sé ag teacht salach ar phrionsabail eiticiúla nó slándála.

Sna cásanna sin, ní aistreofar an úinéireacht ná ní dheonófar ceadúnas eisiach mura mbeidh an Coimisiún nó an comhlacht maoiniúcháin sásta go gcuirfear ar bun na cosaintí iomchuí.

Nuair is iomchuí, déanfar foráil sa chomhaontú deontais go dtabharfar fógra don Choimisiún nó don chomhlacht maoiniúcháin sula ndéanfar aon aistriú úinéireachta den sórt sin nó sula ndeonófar ceadúnas eisiach den sórt sin. Déanfar teorainneacha ama a leagan síos sa chomhaontú deontais.

## ROINN 2
## CEARTA ROCHTANA AR RÉAMHEOLAS AGUS AR THORTHAÍ

*Airteagal 42*

**Réamheolas**

Déanfaidh rannpháirtithe an réamheolas is bun lena ngníomhaíocht a lua ar bhealach ar bith i gcomhaontú i scríbhinn.

*Airteagal 43*

**Prionsabail maidir le cearta rochtana**

1. I scríbhinn a dhéanfar aon iarraidh cearta rochtana a fheidhmiú nó aon tarscaoileadh ceart rochtana.

2. Ach amháin má chomhaontaíonn úinéir na dtorthaí nó úinéir an réamheolais a bhfuil rochtain air á iarraidh ar a mhalairt, ní áireofar i gcearta rochtana an ceart focheadúnais a dheonú.

3. Roimh dóibh aontú do chomhaontú deontais, cuirfidh rannpháirtithe san aon ghníomhaíocht a chéile ar an eolas maidir le haon srianta dlí nó teorainneacha ar rochtain a dheonú ar a réamheolas. Aon chomhaontú a thugann rannpháirtí i gcrích ina dhiaidh sin maidir le réamheolas, áiritheofar ann go bhféadfar gach ceart rochtana a fheidhmiú.

4. Chun críocha ceart rochtana, is féidir a mheas gur coinníollacha córa réasúnacha é díolúine ó ríchíosanna.

5. Ní dhéanfaidh deireadh a theacht le rannpháirteachas rannpháirtí i ngníomhaíocht difear don oibleagáid atá ar an rannpháirtí sin rochtain a dheonú faoi na téarmaí agus na coinníollacha atá bunaithe sa chomhaontú deontais.

6. I gcás ina mainníonn rannpháirtí ina chuid oibleagáid agus nach leigheastar an mhainneachtan sin, féadfar a shonrú sa chomhaontú cuibhreannas nach mbeidh cearta rochtana níos mó ag an rannpháirtí sin.

*Airteagal 44*

**Cearta rochtana chun críocha cur chun feidhme**

1. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar thorthaí rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an rochtain sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid oibre faoin ngníomhaíocht a dhéanamh.

   Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna.

2. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar chúlra rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an rochtain sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid oibre faoin ngníomhaíocht a dhéanamh agus faoi réir aon srianta de bhun Airteagal 43(3).

   Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna, ach amháin má chomhaontaíonn na rannpháirtithe a mhalairt roimh dóibh aontú don chomhaontú deontais.

*Airteagal 45*

**Cearta rochtana maidir le saothrú**

1. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar thorthaí rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an rochtain sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid torthaí a shaothrú.

   Faoi réir comhaontú, deonófar an rochtain sin faoi choinníollacha córa réasúnacha.

2. Beidh cearta rochtana ag rannpháirtí ar chúlra rannpháirtí eile san aon ghníomhaíocht, má tá an rochtain sin de dhíth ar an gcéad ceann acu sin chun a chuid torthaí a shaothrú agus faoi réir aon srianta nó teorainneacha de bhun Airteagal 43(3).

   Faoi réir comhaontú, deonófar an rochtain sin faoi choinníollacha córa réasúnacha.

3. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa chomhaontú cuibhreannas, beidh ag eintiteas cleamhnaithe atá bunaithe i mBallstát nó i dtír ghaolmhar cearta rochtana ar thorthaí nó ar réamheolas faoi na coinníollacha céanna má tá gá leis an rochtain sin chun na torthaí a ghin an rannpháirtí a bhfuil sé cleamhnaithe leis a shaothrú.

4. Is féidir iarraidh rochtana faoi mhíreanna 1, 2, 3 a dhéanamh suas go bliain tar éis dheireadh na gníomhaíochta. Féadfaidh na rannpháirtithe comhaontú ar theorainn ama eile, áfach.

*Airteagal 46*

**Cearta rochtana an Aontais agus na mBallstát**

1. Chun críocha beartais nó cláir de chuid an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, agus faireachán a dhéanamh orthu, beidh cearta rochtana ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais ar thorthaí rannpháirtí a fuair maoiniú ón Aontas. Tá na ceart rochtana sin teoranta d'úsáidí neamhthráchtála agus neamhíomaíocha.

   Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna.

2. Maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar faoi 'Sochaithe slána' mar chuid den sprioc shonrach 'Sochaithe cuimsitheacha, nuálaíocha agus slána' beidh ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus ag údaráis náisiúnta na mBallstát, chun críocha a gcuid beartas nó clár a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu sa réimse seo, beidh acu cearta rochtana ar thorthaí rannpháirtí a fuair maoiniú ón Aontas. D'ainneoin Airteagal 43(2), beidh ar áireamh sna cearta rochtana sin an ceart cead a thabhairt do thríú páirtithe na torthaí a úsáid chun críocha soláthair phoiblí chun inniúlachtaí a fhorbairt i réimsí ina bhfuil méid an mhargaidh srianta agus ina bhfuil baol go gclisfidh an margadh, agus i gcásanna ina bhfuil leas sáraitheach poiblí ann.

   Beidh an rochtain sin saor ó ríchíosanna, ach amháin i gcás úsáide chun críocha soláthair phoiblí; sa chás sin deonófar í faoi choinníollacha córa réasúnacha a dtiocfar ar chomhaontú fúthu. Agus na coinníollacha córa réasúnacha á gcinneadh, cuirfear go hiomlán san áireamh maoiniú a fuarthas ón Aontas chun na torthaí sin a ghiniúint. Beidh feidhm ag rialacha an Choimisiúin maidir le slándáil i ndáil le faisnéis rúnaicmithe.

## ROINN 3
## CÁSANNA AR LEITH

*Airteagal 47*

**Forálacha sonracha**

1. I gcás gníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí slándála, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chaomhaontú deontais, go háirithe maidir le hathruithe ar chomhdhéanamh an chuibhreannais, faisnéis rúnaicmithe, saothrú, leathadh, aistrithe agus ceadúnais torthaí a dheonú.

2. I gcás gníomhaíochtaí atá ceaptha tacú le bonneagar taighde nua nó bonneagar taighde atá ann cheana, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais forálacha sonracha a bhaineann le húsáideoirí an bhonneagair.

3. I gcás gníomhaíochtaí taighde 'ar theorainneacha an eolais' a dhéanann an Chomhairle Eorpach um Thaighde, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le cearta rochtana, iniomparthacht agus leathadh a bhaineann le rannpháirtithe, taighdeoirí, agus aon pháirtí a mbaineann an ghníomhaíocht leis.

4. I gcás gníomhaíochtaí oiliúna agus soghluaisteachta, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais forálacha sonracha maidir le gealltanas a bhaineann le taighdeoirí a bhaineann sochar as an ngníomhaíocht, maidir le húinéireacht, maidir le cearta rochtana agus maidir le hiniomparthacht.

5. I gcás gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húinéireacht, cearta rochtana, saothrú agus leathadh.

6. I gcás ionstraimí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus deontas ó chomhlachtaí maoiniúcháin atá dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húinéireacht, cearta rochtana, saothrú agus leathadh.

7. I gcás Phobail Eolais agus Nuálaíochta de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, féadfar forálacha sonracha a leagan síos sa chomhaontú deontais, go háirithe maidir le húinéireacht, cearta rochtana, saothrú agus leathadh.

# CAIBIDIL II
# DUAISEANNA AGUS SOLÁTHAR

*Airteagal 48*

**Duaiseanna**

Beidh bronnadh gach duaise coinníollach ar ghlacadh leis na hoibleagáidí iomchuí poiblíochta. Féadfaidh oibleagáidí sonracha maidir le saothrú agus leathadh a bheith sa chlár oibre nó sa phlean oibre.

*Airteagal 49*

**Soláthar, soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch**

1. Ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa ghlao ar thairiscintí, is faoi úinéireacht an Aontais a bheith torthaí a ghinfidh soláthar de chuid an Coimisiún.

2. Déanfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana, agus ceadúnú a leagan síos sna conarthaí maidir le soláthar réamhthráchtála d'fhonn a áirithiú go mbeidh an t-éileamh is mó is féidir ar na torthaí agus d'fhonn buntáistí míchuí a sheachaint. Beidh ar a laghad na cearta maoine intleachtúla gaolmhara faoi úinéireacht an chonraitheora a ghineann na torthaí agus é i mbun soláthair

réamhthráchtála. Beidh ar a laghad cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar na thorthaí le haghaidh a n-úsáide féin ag na húdaráis chonarthacha, agus beidh acu an ceart ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe, nó an ceart ceangal a chur ar conraitheoirí rannpháirteacha iad a dheonú, chun na torthaí a shaothrú faoi choinníollacha córa réasúnacha gan aon ceart bheith ag na tríú páirtithe sin focheadúnas a dheonú. Mura ndéanann conraitheoir saothrú tráchtála ar na torthaí laistigh de thréimhse shocraithe tar éis an tsoláthair réamhthráchtála arna shainaithint sa chonradh, aistreoidh sé úinéireacht na dtorthaí chuig na húdaráis chonarthacha.

3. Féadfar forálacha sonracha maidir le húinéireacht, cearta rochtana, agus ceadúnú a leagan síos sna conarthaí maidir le soláthar poiblí réiteach nuálaíoch d'fhonn a áirithiú go mbeidh an t-éileamh is mó is féidir ar na torthaí agus d'fhonn buntáistí míchuí a sheachaint.

# TEIDEAL IV
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 50*

**Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha**

1. Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

2. Gan dochar do mhír 1, ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do leanúint ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, lena n-áirítear a lán-fhoirceannadh nó a bpáirt-fhoircheannadh, go dtí go ndéanfar clabhsúr orthu nó go dtí dtabharfaidh an Coimisiún nó comhlacht maoiniúcháin cúnamh airgeadais dóibh faoi Chinneadh Uimh. 1982/2006/CE, ná ní dhéanfaidh sé difear d'aon reachtaíocht eile is infheidhme maidir leis an gcúnamh sin an 31 Nollaig 2013, reachtaíocht a leanfaidh d'fheidhm a bheith aici go dtí clabhsúr na ngníomhaíochtaí.

3. Aon suimeanna ón gCiste um Ráthaíocht Rannpháirtithe arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1906/2006, mar aon leis na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leo, aistreofar chuig an gCiste iad amhail ón 31 Nollaig 2013. Aon rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí a dhéantar faoi chuimsiú an tSeachtú Creathchlár agus a shíníonn comhaontuithe deontais tar éis an 31 Nollaig 2013, déanfaidh siad a ranníocaíocht leis an gCiste.

*Airteagal 51*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |